Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2024**
**(OR. en)**

**11601/24**

**PHYTOSAN 166**
**VETER 87**
**AGRI 542**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11022/24 INIT + COR 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le cómhaoiniú ón Aontas Eorpach do chláir fíteashláintíochta agus thréidliachta agus do bhearta éigeandála |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le cómhaoiniú ón Aontas do chláir fíteashláintíochta agus tréidliachta agus do bhearta éigeandála, a d'fhormheas an Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh ag an 4037ú cruinniú a bhí aici an 24 Meitheamh 2024.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le cómhaoiniú ón Aontas Eorpach do chláir fíteashláintíochta agus thréidliachta agus do bhearta éigeandála**

1. Is é Clár an Mhargaidh Aonair ionstraim airgeadais an Aontais chun tacú le gníomhaíochtaí sna Ballstáit chun, i measc spriocanna eile, ardleibhéal sláinte ainmhithe agus plandaí a áirithiú san Aontas Eorpach. Le blianta beaga anuas, bhí ar na Ballstáit déileáil le laghdú suntasach ar an ráta cómhaoiniúcháin ón Aontas a leithdháiltear ar a gcláir rialaithe agus dhíothaithe tréidliachta agus fíteashláintíochta i gcomparáid leis na blianta roimhe sin. Mheas na Ballstáit go raibh tionchar aige sin ar bhaint amach chuspóirí beartais an Aontais maidir le hardleibhéal sláinte ainmhithe agus plandaí.

2. Sa chomhthéacs sin, shocraigh Uachtaránacht na Beilge measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag an laghdú sin ar chómhaoiniú, in éineacht le méadú ginearálta ar chostais le blianta beaga anuas, trí cheistneoirí a chur chuig an Meitheal um Ainmhithe agus Ceisteanna Tréidliachta (Príomhoifigigh Thréidliachta) agus chuig an Meitheal um Plandaí agus Ceisteanna Sláinte Plandaí (Príomhoifigigh Sláinte Plandaí).

3. Tá na dréachtchonclúidí ón gComhairle, a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, bunaithe ar thorthaí na gceistneoirí sin agus ar an bplé a rinne an dá Mheitheal thuas ina dhiaidh sin agus thacaigh na toscaireachtaí uile leo ar leibhéal na Meithle[1].

4. Ós mar sin atá, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) an méid seo a leanas a dhéanamh:

   a) a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs na gConclúidí mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo iad,

   b) a mholadh don Chomhairle na Conclúidí, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo iad, a fhormheas.

---

[1] Cruinniú de na Comhairleoirí/Attachés (AGRI – Tréidliacht, Fíteashláintíocht) an 10 Meitheamh 2024 agus comhairliúchán neamhfhoirmiúil ina dhiaidh sin (WK 8338/2024).

**<u>Conclúidí ón gComhairle</u>**

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS**

1. Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI a ríthábhachtaí atá sé don Aontas ardleibhéal sláinte ainmhithe agus plandaí a chinntiú toisc go bhfuil ról lárnach acu i dtaca le sláinte an duine, slándáil agus sábháilteacht bia, bithéagsúlacht agus rathúnas eacnamaíoch an Aontais.

2. Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI go bhfuil tacaíocht do shláinte ainmhithe agus plandaí ríthábhachtach d’earnáil na talmhaíochta AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar a bhunriachtanaí atá bainistiú éifeachtach ar shláinte ainmhithe agus plandaí, lena n-áirítear bearta faireachais nó díothaithe, chun sábháilteacht allmhairí agus an margadh inmheánach a áirithiú agus chun onnmhairí a chosaint.

3. Á CHUR I dTREIS DI go méadaítear an baol go ndéanfar dochar do shláinte ainmhithe agus plandaí leis an mbagairt mhéadaithe ó lotnaidí plandaí agus galair ainmhithe a eascraíonn as gluaiseachtaí paisinéirí, as an athrú aeráide agus as an bhfás síoraí ar an trádáil dhomhanda.

4. Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI a ríthábhachtaí atá sé ráigeanna de lotnaidí plandaí agus galair ainmhithe a d’fhéadfadh tarlú a chosc agus a bhrath go luath, ós rud é go ngabhann costais níos airde le bearta díothaithe, lena n-áirítear costais airgeadais agus costais a bhaineann leis an tionchar ar shláinte an duine, ar an gcomhshaol, ar éiceachórais, ar an tsochaí agus le tionchar diúltach ar dhearcadh an phobail.

5. AGUS É A MHEABHRÚ AICI go ndearnadh laghdú 60 % ar an ráta cómhaoiniúcháin bliantúil ón Aontas do chláir fíteashláintíochta agus thréidliachta agus do bhearta éigeandála don tréimhse ó 2023 go 2027, mar thoradh ar ath-leithdháileadh an bhuiséid a leithdháileadh roimhe sin ar na cláir sin chun dul i ngleic le géarchéimeanna sláintíochta gan choinne.

6. AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar an difear a ndearna an laghdú ar raon feidhme an chómhaoiniúcháin ón Aontas (lotnaidí / galair incháilithe), mar aon leis na costais mhéadaithe, do chumas na seirbhísí fíteashláintíochta agus tréidliachta faireachas éifeachtach a chur chun feidhme chun na cuspóirí maidir le cosc agus luathbhrath a bhaint amach.

7. AGUS AIRD Á TARRAINGT AICI ar an ngá atá leis an ualach riaracháin a laghdú, mar shampla, an t-ualach a eascraíonn as deontais chómhaoiniúcháin ón Aontas a bhainistiú, a ghlacann cuid níos díréirí fós de mhéid an deontais mar gheall ar an laghdú ar an ráta cómhaoinithe ón Aontas.

8. AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus daonna ar fáil do na húdaráis inniúla chun na cúraimí is gá a dhéanamh, agus raon leathan agus castacht na gcúraimí i réimsí na sláinte ainmhithe agus plandaí á gcur san áireamh i gcur chuige na hAon Sláinte Amháin.

**Sláinte plandaí**

9. Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI ar a thábhachtaí atá Rialachán (AE) 2016/2031 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí arb é is aidhm dó cosc a chur ar lotnaidí coraintín agus lotnaidí plandaí nua teacht isteach san Aontas agus leathadh laistigh den Aontas.

10. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a ríthábhachtaí atá sé ráigeanna lotnaidí plandaí a d'fhéadfadh a bheith ann a chosc agus a bhrath go luath, go háirithe maidir leis na lotnaidí tosaíochta lena ngabhann na bagairtí eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta is tromchúisí ar thíortha an Aontais.

11. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR AN ATHUAIR go ngabhann dúshlán agus castacht ar leith le faireachas agus bainistiú ar ráigeanna lotnaidí plandaí coraintín toisc go gcumhdaítear thart ar 400 lotnaid choraintín agus grúpaí lotnaidí san Aontas i raon leathan speiceas plandaí agus táirgí plandaí i réimse leathan timpeallachtaí (idir foraoisí, talmhaíocht agus limistéir uirbeacha).

12. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil méadú suntasach tagtha ar chúraimí agus ualach oibre na mBallstát mar thoradh ar chur chun feidhme an chórais nua sláinte plandaí, go háirithe maidir le bearta faireachais agus díothaithe.

13. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cuid riachtanach den chóras nua sláinte plandaí agus de Chlár an Mhargaidh Aonair é cómhaoiniú ón Aontas do chláir fíteashláintíochta agus do bhearta éigeandála agus gur gné fhíor-riachtanach é chun a chuspóirí a bhaint amach.

14. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé suirbhéanna cáilíochtúla agus cainníochtúla ar lotnaidí plandaí a chur chun feidhme, go háirithe maidir le lotnaidí tosaíochta, i ndáil leis sin, agus IS CÚIS MHÓR IMNÍ DI é go bhfuil tionchar raon feidhme agus ráta cómhaoiniúcháin laghdaithe ón Aontas le brath cheana féin agus go bhféadfadh sé an cuspóir luathbhraite a chur i mbaol agus go n-éireoidh comhlíonadh na n-oibleagáidí a eascraíonn as an reachtaíocht agus as na cláir sláinte plandaí atá ann faoi láthair níos dúshlánaí

15. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuiltear ag tacú le hearnáil na talmhaíochta freisin nuair a thacaítear le sláinte plandaí, óir cuirtear deireadh leis an ngá atá le lotnaidí nua eile nó lotnaidí coraintín a chomhrac, nó laghdaítear an gá sin, rud a chuireann ar chumas feirmeoirí bainistiú comhtháite lotnaidí a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr.

**Sláinte ainmhithe**

16. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil an sásra chun cláir thréidliachta agus bearta éigeandála a chómhaoiniú i bhfeidhm le blianta fada agus gur léir a luach, ó úsáideadh é chun galair áirithe a dhíothú i roinnt Ballstát agus chun staid na sláinte ainmhithe a fheabhsú i ndáil le go leor galair eile.

17. CUIREANN SÍ I dTREIS gur sprioc thábhachtach de chuid an Aontais é ardleibhéal sláinte ainmhithe a chaomhnú toisc go bhfuil sé ríthábhachtach ó thaobh sláinte an duine de, trí ghalair zónóiseacha a chomhrac, sábháilteacht bia agus slándáil bia a fheabhsú agus, ina theannta sin, gur lú an gá le cóireáil fhrithmhiocróbach agus, dá bhrí sin, gur lú an riosca maidir le frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha.

18. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go raibh tionchar cheana féin ag an laghdú ar raon feidhme agus ar ráta an chómhaoiniúcháin ar ardleibhéal sláinte ainmhithe a bhaint amach i roinnt Ballstát toisc gur aistríodh costais bhreise chuig feirmeoirí agus údaráis inniúla, rud a chuir iallach orthu tosaíocht nua a thabhairt dá gcláir sláinte ainmhithe, agus AITHNÍONN SÍ gur cuireadh faoi bhrú freisin cumas roinnt Ballstát galair, cé is moite de na galair a bhaineann le catagóirí A agus B, a chosc agus a rialú.

19. AITHNÍONN SÍ go measann na Ballstáit uile go bhféadfadh tionchar diúltach níos mó fós a bheith ar shláinte agus leas ainmhithe amach anseo.

20. ATHDHEARBHAÍONN SÍ na hábhair imní atá aici maidir leis an ualach oibre agus riaracháin atá ar na Ballstáit faoi láthair.

21. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go mbeidh sé níos dúshlánaí, mar gheall ar an riosca nach mbeifear in ann maoiniú cuí a chur ar fáil, ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát, na hoibleagáidí a eascraíonn as an reachtaíocht agus as na cláir atá ann faoi láthair maidir le sláinte ainmhithe a chomhlíonadh, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhféadfadh laghdú ar aonfhoirmeacht na sláinte ainmhithe ar fud an Aontais a bheith mar thoradh air sin.

**DÁ BHRÍ SIN, DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:**

22. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach, agus na huasteorainneacha maidir le creat airgeadais ilbhliantúil an Aontais á n-urramú aige[...], machnamh a dhéanamh ar leibhéal agus ar bhealach chun cláir fíteashláintíochta agus thréidliachta agus bearta éigeandála a mhaoiniú, ar cláir agus bearta iad:

    a) atá i gcomhréir leis na hacmhainní is gá chun cuspóirí an chórais sláinte ainmhithe agus plandaí a bhaint amach;

    b) a sholáthraíonn freisin solúbthacht leordhóthanach chun géarchéimeanna a eascraíonn as ráigeanna tobanna lotnaidí plandaí agus galar ainmhithe a chur san áireamh;

    c) lena gcuirtear san áireamh[...]an méadú suntasach arna thuairisciú ar chostais na n-anailísí foirne agus saotharlainne.

23. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach féachaint ar bhealaí chun feabhas a chur ar an mbainistiú a dhéantar ar chláir chómhaoinithe fíteashláintíochta agus thréidliachta ón Aontas agus ar bhearta éigeandála faoi Chlár an Mhargaidh Aonair (snáithe an tslabhra bia), agus an t-ualach riaracháin a laghdú, go háirithe tríd an méid a leanas a dhéanamh:

a) an nós imeachta iarratais maidir le deontais chómhaoiniúcháin ón Aontas a ailíniú leis na ceanglais tuairiscithe eile;

b) grinnscrúdú criticiúil a dhéanamh, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, ar an bhfaisnéis is gá le haghaidh nós imeachta an Aontais maidir le hiarratas a dhéanamh ar dheontais chómhaoiniúcháin, chun leibhéal sonraí na faisnéise sin a laghdú agus chun feabhas a chur ar a hailíniú leis an gcleachtas;

c) a áirithiú go gcuirfear athruithe sa chóras, nó athruithe a d'fhéadfadh a bheith ar an mbuiséad, in iúl go tráthúil;

d) an próiseas a ghabhann leis an gcuid seo de chómhaoiniú ón Aontas a shimpliú, mar shampla tríd an ardán maidir le hiarratais a dhéanamh níos soláimhsithe agus trí threoirlínte iomlána a mbeidh rochtain éasca orthu a bhunú, agus é á chur san áireamh go bhfuil feidhm ag an bpróiseas sin maidir le deontais dhíreacha do na Ballstáit seachas comhaontuithe deontais a leithdháiltear ar eintitis iomaíocha.

24. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na Ballstáit leanúint de mhodhanna comhair níos éifeachtúla agus níos spriocdhírithe a fhiosrú idir na Ballstáit chun éifeachtúlacht a mhéadú i mbearta coiscthe lotnaidí plandaí agus galar ainmhithe, mar shampla trí chomhbheartais vacsaínithe a chur chun feidhme maidir le sláinte ainmhithe nó trí chomhar faireachais a chothú idir na Ballstáit maidir le sláinte plandaí, agus éifeachtúlacht a mhéadú maidir lena ndíothú agus lena srianadh a bhainistiú.